An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Eolais TC 0015/2021**

**Chuig: Údaráis Bhainisteoireachta na mBunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Athruithe Sealadacha ar an Scéim Sos Gairme do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna Aitheanta – Scoilbhliain 2021/22

## 1. Réamhrá

1.1 Mar fhreagairt ar shaincheisteanna a ardaíodh maidir le soláthar múinteoirí, bhí srianta áirithe a fhorchuirtear sa Scéim Sos Gairme ar fionraí le cúpla scoilbhliain anuas. Cuirtear in iúl sa Nóta Eolais seo go mbeidh na srianta sin ar fionraí, leis, do scoilbhliain 2021/22.

1.2 Féadfar múinteoir atá ar Sos Gairme a fhostú anois, i gcáil ionaid amháin, gan na srianta a fhorchuirtear sa Scéim Sos Gairme mar atá i gCaibidil 7 (Mír 8.1) de Chiorclán 54/2019.

## 2. Socruithe Pá

2.1 Íocfar múinteoir atá ar Shos Gairme agus a fhostaítear i gcáil ionaid ag an ráta céanna le hionadaí rialta.

## 3. An Nóta Eolais a Scaipeadh

3.1 Cinntigh, le do thoil, go scaipfear an Nóta Eolais seo ar gach comhalta den Bhord Bainistíochta/Oideachais agus go dtarraingeofar aird gach múinteora i d'fhostaíocht ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad siúd atá ar saoire.

3.2 Gheofar an Nóta Eolais seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie

**Clare Butler**
**Príomhoifigeach**
**Ránnóg Théarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRS**

**Sinéad Keenaghan**
**Príomhoifigeach**
**Rannán Párolla**

**28ú Meitheamh, 2021**